An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth

## An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

# Beartas Cearta Ábhar Sonraí

Is é cuspóir an bheartais seo sainmhíniú a thabhairt ar an méid atá i gceist le do chearta agus conas iad a fheidhmiú maidir le haon phróiseáil a dhéanann an Roinn seo ar do shonraí pearsanta. Áirítear leis seo aon phróiseáil a dtugtar faoi thar ár gceann agus/nó faoinár dtreoracha.

**Meitheamh 2019**

**Clár Ábhar**

1. Réamhrá ..... 3
2. Cuspóir ..... 3
3. Scóip ..... 3
4. Do chearta faoin RGCS ..... 3
5. Do Chearta a fheidhmiú ..... 4
6. Aithint agus freagairt ..... 4
7. Aitheantas a Fhíorú ..... 5
8. Rochtain ag leanaí ar a sonraí pearsanta ..... 5
9. Iarrataí agus táillí um chearta ábhar sonraí a chomhlíonadh ..... 5
10. Buairt a thabhairt le fios ..... 6
11. Athbhreithniú agus Nuashonrú ..... 6

Aguisín A ..... 7

# Beartas Cearta Ábhar Sonraí

## 1. Réamhrá

Tá an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ("an Roinn") tiomanta dá freagrachtaí faoin reachtaíocht náisiúnta agus an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) a chomhlíonadh maidir le cearta an duine aonair (an t-ábhar sonraí). Téitear i ngleic go sonrach sa *Bheartas Cearta Ábhar Sonraí* seo le cearta um chosaint sonraí maidir le trédhearcacht, cuntasacht agus na cearta ábhair shonraí aonair.

## 2. Cuspóir

Is é cuspóir an bheartais seo sainmhíniú a thabhairt ar an méid atá i gceist le do chearta agus conas iad a fheidhmiú.

## 3. Scóip

Baineann an beartas seo le haon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta áirítear leis aon phróiseáil a dtugtar aoi thar ár gceann agus/nó faoinár dtreoracha.

## 4. Do chearta faoin RGCS

Ceanglaítear sa RGCS orainn mar rialaitheoirí sonraí a bheith trédhearcach faoi na sonraí a bhailímid, an bealach a úsáidtear iad, an áit a roinntear iad agus a fhaide a stóráiltear iad. Is féidir leat léamh faoi conas a bhainistímid sonraí pearsanta inár bhfógra príobháideachais atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin.

Faoin reachtaíocht um chosaint sonraí agus an RGCS, tá an ceart agat an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ***Faisnéis:*** tá sé de cheart agat a bheith ar an eolas faoin bhfáth a bhfuil do chearta á mbailiú agus á n-úsáid. Déantar é seo, de ghnáth, i bhfoirm 'Fógra Príobháideachais', ina dtugtar cuntas ar na cúinsí faoina n-úsáideann an Roinn na sonraí;
- ***Rochtain:*** tá an ceart agat rochtain a fháil ar chóip d'aon sonraí pearsanta nó de do shonraí pearsanta go léir, cuspóir na próiseála ina measc, na catagóirí sonraí pearsanta a phróiseálaimid, aon fhaighteoirí do shonraí, agus na rialacha lena dheimhniú cé chomh fada a choimeádfaimid iad. Tugtar *Iarraidh ar Rochtain ag Ábhar* air seo*;*
- ***Ceartú:*** tá an ceart agat a iarraidh go gceartaítear aon sonraí pearsanta míchruinne atá á gcoimeád againn;
- ***nScriosadh:*** tá an ceart agat a iarraidh go scriosaimid do shonraí pearsanta nach dteastaíonn a thuilleadh ar mhaithe le cuspóirí dlíthiúla, rialála nó cuspóirí oibríochtúla coimeádta taifead a bhfuil údar leis;
- ***Próiseáil a shrianadh***: tá an ceart agat a iarraidh go gcuirimid srian ar phróiseáil nuair a chuirtear in aghaidh chruinneas na sonraí pearsanta, nuair a bhíonn an phróiseáil neamhdhleathach, nó nuair a theastaíonn na sonraí pearsanta agus/nó fianaise go ndearadh iad a phróiseáil uait le héilimh dhlíthiúla a bhunú, a chleachtadh nó a chosaint;

- ***Iniomparthacht sonraí***: tá an ceart agat do shonraí a fháil i bhformáid choiteann agus atá inléite ag meaisín (nuair a chuir tú ar fáil i dtosach iad san fhormáid seo), lena n-aistriú agatsa a éascú chuig rialaitheoir eile, nuair is féidir sin a dhéanamh i dtaobh cúrsaí teicniúla de agus faoi réir coinníollacha sonraithe;
- ***Agóid in aghaidh próiseála***: tá an ceart agat agóid a dhéanamh in aghaidh próiseála nuair a dhéantar é ar bhunús údarás oifigiúil atá á chleachtadh ag an Roinn, nó nuair a thugann an Roinn faoi thasc a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail;
- ***Cur in aghaidh cinnteoireachta uathoibrithe:*** tá ceart agat gan bheith faoi réir cinnidh nach bhfuil bunaithe ach ar phróiseáil uathoibrithe amháin (próifíliú ina measc);
- ***Gearán a dhéanamh leis an Údarás Maoirseachta:*** tá an ceart agat chun gearán a dhéanamh leis an Údarás Maoirseachta (an Coimisiún Cosanta Sonraí, Teach na Canála, Bóthair an Stáisiúin, Cúl an tSúdaire, Contae Laoise, R32 AP23) nuair a chreideann tú gur sáraíodh cosaint sonraí;
- ***Réiteach éifeachtach breithiúnach:*** tá an ceart agat éileamh dlíthiúil a dhéanamh nuair a imríodh tionchar ort mar gheall nár chomhlíon an Roinn (agus/nó a próiseálaithe) na hoibleagáidí ábhartha um chosaint sonraí.

## 5. Do Chearta a fheidhmiú

Chun aon chinn de do chearta a fheidhmiú faoin mBeartas seo, is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí (an OCS) trí:

| | | |
|---|---|---|
| | Fiosrúcháin Ghinearálta | dpocontact@equality.gov.ie |
| | Iarraidh ar Rochtain ag Ábhar | sar@equality.gov.ie |
| | Seoladh Poist | An tOifigeach Cosanta Sonraí<br>An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige,<br>Bloc 1, Plaza Miesach,<br>50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 XW14 |

B'fhéidir go n-iarrfar ort chun *Foirm Iarrata ar Rochtain ag Ábhar* (Aguisín A) a chomhlánú chun cabhrú linn chun ár gcuardaigh a dhíriú agus an fhaisnéis a sholáthar a iarrtar a thapúla agus is féidir.

Cuirtear faisnéis an-chabhrach ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin Chosanta Sonraí faoi chearta agus freagrachtaí um chosaint sonraí agus iarraidh ar rochtain ag ábhar a dhéanamh.

## 6. Aithint agus freagairt

Aithneoimid go bhfuarthas d'iarraidh chun do chearta a fheidhmiú go pras agus cuirfimid ár bhfreagairt ar fáil ar d'iarraidh gan moill mhíchuí. Freagróimid laistigh de mhí amháin nuair is féidir é sin a dhéanamh. Nuair nach féidir freagairt taobh istigh den amscála seo, tabharfaimid fógra duit faoi seo, anuas ar na cúiseanna a bhí leis an moill.

## 7. Aitheantas a Fhíorú

Chun aon iarraidh a chomhlíonadh chun do chearta a fheidhmiú mar ábhar sonraí, caithfimid a bheith sásta i dtosach maidir le d'aitheantas, nó, má bhíonn tú ag gníomhú thar ceann duine eile, go bhfuil an t-údarás agat chun gníomhú thar a gceann.

Déanfaimid iarracht réasúnta, dá bharr, chun d'aitheantas a fhíorú sula bpróiseálfaimid iarraidh ar *Rochtain ag Ábhar* nó iarraidh eile, nó sula gcuirfimid aon chearta eile i bhfeidhm. Is féidir iarraidh ort, ar an ábhar sin, cóip d'aitheantas grianghraif, ar nós ceadúnas tiomána nó pas a sheoladh ar aghaidh. B'fhéidir go mbeidh cruthúnas seolta (e.g. bille fóntais) ag teastáil, chomh maith.

Más tuismitheoir thú a dhéanann iarratas thar ceann linbh faoi 16 bliana d'aois, beidh cruthúnas ag teastáil uainn i leith d'aitheantais agus do sheolta **agus** aitheantas agus sheoladh do linbh, sa mhullach ar theastas breithe an linbh.

Más caomhnóir dlíthiúil thú a dhéanann iarratas thar ceann linbh faoi 16 bliana d'aois, beidh cruthúnas ag teastáil uainn i leith d'aitheantais agus do sheolta **agus** aitheantas agus sheoladh an ábhair shonraí, sa mhullach ar chruthúnas go bhfuil an t-údarás agat chun gníomhú mar chaomhnóir dlíthiúil **agus** teastas breithe an linbh.

Más gníomhaire thú a ghníomhaíonn thar ceann duine eile (e.g. aturnae a dhéanann iarratas thar ceann cliaint), b'fhéidir go dteastóidh cruthúnas uainn i leith d'aitheantais agus do sheolta **agus** é sin de chuid an ábhair shonraí, **agus** cruthúnas gur thug an t-ábhar sonraí toiliú go ngníomhaíonn tú thar a gceann.

## 8. Rochtain ag leanaí ar a sonraí pearsanta

Meastar gur leanaí daoine aonair faoi aois 18 mbliana. Glacfaimid, áfach, le *hIarrataí ar Rochtain ag Ábhar* ó leanaí aois 16 bliana agus níos sine. Measaimid, mar riail ghinearálta, go bhfuil leanbh 16 bliana d'aois agus níos sine, aibí a dhóthain leis an iarraidh atá á déanamh acu a thuiscint, agus ba cheart dóibh a bheith in ann an iarraidh sin a dhéanamh. Beidh breithniú breise inmheánach le déanamh ar na hiarrataí siúd maidir le sonraí pearsanta a scaoileadh, ar aon dul le treoir ón gCoimisiún Cosanta Sonraí. Iarrfar ar gach duine a dhéanann iarraidh a n-aitheantas a dheimhniú.

Nuair a lorgaítear sonraí pearsanta maidir le leanbh faoi aois 16 bliana, caithfidh tuismitheoir nó caomhnóir an *Iarraidh ar Rochtain ag Ábhar* a sheoladh ar aghaidh. Seolfar aon fhreagairt go díreach chuig an tuismitheoir nó an caomhnóir. Beidh orainn a bheith sásta maidir le haitheantas an tuismitheora nó an chaomhnóra, agus go bhfuil siad ag gníomhú chun sárleasa an linbh, sula n-eisítear sonraí pearsanta maidir leis an leanbh.

## 9. Iarrataí agus táillí um chearta ábhar sonraí a chomhlíonadh

Faoi chúinsí áirithe, d'fhéadfadh teorainneacha a bheith ar chearta ábhar sonraí. Déantar foráil dó seo faoin reachtaíocht um chosaint sonraí agus an RGCS. Faoi aon chúinsí den sórt sin, cuirfimid in iúl go han-soiléir duit é cén teorainneacha atá á gcur ar an bhfaisnéis atá á hiarraidh agus na cúiseanna atá leis.

Maidir le táillí, má cheaptar go bhfuil an iarraidh gan bhunús go soiléir, iomarcach nó athfhillteach i dtaobh cineáil de, is féidir linn an cinneadh a dhéanamh chun táille réasúnta a ghearradh chun an iarraidh a riar.

Faoin gcúinse neamhghnách seo, scríobhfaimid chugat agus tabharfaimid cuntas ar an gcúis go mbeartaímid táille a ghearradh ort agus cuirfimid ar an eolas thú ar do cheart chun gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí.

## 10. Buairt a thabhairt le fios

Mura bhfuil tú sásta lenár bhfreagairt nó má chreideann tú gur sáraíodh do chearta faoin reachtaíocht um chosaint sonraí, féadfaidh tú gearán a dhéanamh leis an Údarás Maoirseachta - an Coimisiún Cosanta Sonraí - go díreach trí:

| | | |
|---|---|---|
| | Fiosrúcháin Ghinearálta | info@dataprotection.ie |
| | Láithreán Gréasáin | www.dataprotection.ie |
| | Seoladh Poist | (i) 21 Cearnóg Mhic Liam<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 RD28<br><br>(ii) Teach na Canála<br>Bóthar an Stáisiúin<br>Cúl an tSúdaire<br>Contae Laoise<br>R32 AP23 |

## 11. Athbhreithniú agus Nuashonrú

Is féidir an beartas seo a athbhreithniú ó thráth go chéile le haon athruithe a thagann ar struchtúr eagraíochta na Roinne, cleachtais ghnó agus/nó athruithe ar an reachtaíocht a chur san áireamh.

## Aguisín A

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

# Foirm Iarrata ar Rochtain ag Ábhar

**Iarraidh ar rochtain ar Shonraí Pearsanta**
**An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988-2018**

**Iarrtar ort gach cuid den Fhoirm seo a chomhlánú ina n-iomláine.**

## Cuid I – Sonraí faoi Ábhar Sonraí

**Ainm** ____________________

**Seoladh** ____________________
____________________
____________________

**Seoladh/Seoltaí Roimhe Seo** ____________________
____________________
____________________

**Dáta Breithe** ____________________

**An Rogha Modh Teagmhála**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Sa phost | ☐ | | |
| Ar an nguthán | ☐ | Uimhir ghutháin____________________ | |
| Ar ríomhphost | ☐ | Ríomhphost: ____________________ | |

## Cuid 2 – Sonraí faoin Iarraidh

**Chun cabhrú linn na sonraí atá á n-iarraidh agat a aimsiú, cuir a mhéid sonraí ar leith san áireamh agus is féidir leat maidir le d'idirghníomhú linn roimhe seo (e.g. luaigh, le do thoil, an limistéar/na limistéir den Roinn a ndearna tú comhfhreagras leo/na saghsanna iarratas a d'fhéadfadh go ndeara tú etc.).**

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

**Inis dúinn, le do thoil, an tréimhse ama nó na hamlínte ábhartha atá i gceist (i.e. na dátaí ábhartha, e.g. an 01 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018) a bhfuil na sonraí pearsanta á lorg agat dóibh.**

| Ó | Chuig | Aon nóta tráchta eile |
|---|---|---|
| | | |

**Cuir aon uimhreacha tagartha ar fáil dúinn, le do thoil, a bhaineann leis an teagmháil a rinne tú linn roimhe seo (e.g. tagairtí do chomhfhreagras a rinneadh roimhe seo, uimhreacha tagartha cáis, etc.).**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |

**Cuir aon sonraí ar leith eile ar fáil dúinn, le do thoil, a bhraitheann tú a chabhródh linn do shonraí pearsanta a aimsiú, aon chuardaigh ina measc a rinneadh ar eochairfhocail a bhraitheann tú a chabhródh linn *(trína mhéid sonraí agus is féidir a sholáthar dúinn maidir le d'iarraidh ar rochtain, beimid in ann cabhair níos éifeachtúla a thabhairt duit)*.**

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

## Cuid III – Dearbhú A

Caithfidh an t-ábhar sonraí a dhéanann an iarraidh an mhír seo a shíniú (má táthar 16 bliana d'aois nó níos sine)

**Deimhním go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear i gceart agus gur mise an duine lena mbaineann siad.**

Síniú ______________________________

Dáta ______________________

## Cuid III – Dearbhú B

Dearbhú údaráis chun gníomhú thar ceann ábhar sonraí

[Tabhair faoi deara, le do thoil, nach féidir faisnéis a nochtadh ach do na tuismitheoirí/caomhnóirí/gníomhairí siúd a shínigh an fhoirm. Ar an ábhar sin, ba cheart don bheirt tuismitheoirí an fhoirm a shíniú más comhiarratas é seo thar ceann linbh faoi 16.]

**Deimhním go bhfuil an t-údarás agam chun gníomhú thar ceann an ábhair shonraí a ainmnítear san iarraidh seo agus go nochtfar a bhfaisnéis dóibh tríom.**

Síniú ______________________________

BLOCLITREACHA ______________________________

Dáta ______________________

Caidreamh leis an ábhar sonraí ______________________________

Síniú ______________________________

BLOCLITREACHA ______________________________

Dáta ______________________

Gaol leis an ábhar sonraí ______________________________

| **Seol an fhoirm chomhlánaithe ar ais, le do thoil, chuig:** | | |
|---|---|---|
| | Seoladh Poist | An tOifigeach Cosanta Sonraí<br>An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige,<br>Bloc 1, Plaza Miesach,<br>50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 XW14 |
| | Ríomhphost | sar@equality.gov.ie |

**Seicliosta**

| | | |
|---|---|---|
| An bhfuil an fhoirm Iarrata ar Rochtain ag Ábhar (an IRÁ) comhlánaithe go hiomlán agat? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| An bhfuil an Dearbhú cuí sínithe agus dátaithe agat? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| An bhfuil dóthain sonraí tugtha agat dúinn chun do shonraí pearsanta a aimsiú? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| An bhfuil cruthúnas aitheantais leordhóthanach curtha faoi iamh agat? | Tá ☐ | Níl ☐ |

**Tabhair faoi deara, le do thoil:**

1. Chun freagairt ar d'iarraidh ar shonraí pearsanta, beidh ort cruthúnas aitheantais leordhóthanach a sholáthar (féach faoi 'Aitheantas a Fhíorú' ar an gcáipéis bheartais).

2. Ní choimeádfaimid ach cóip de na cáipéisí cruthúnais aitheantais ach go dtí go ndearnadh d'iarraidh ar rochtain ag ábhar a phróiseáil go hiomlán agus a eisiúint duit.

3. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí chun cabhrú leat an Fhoirm seo a chomhlánú.

4. Sa chás gur soiléir go bhfuil iarraidh gan bhunús nó go bhfuil sé iomarcach nó de chineál atriallach nó sa chás go lorgaítear breis agus cóip amháin de na sonraí, is féidir leis an Roinn táille a ghearradh.